C/2024/6189

15.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11654 – CINVEN / IDEALISTA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6189)

1. An 25 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Eighth Cinven Fund ('Cinven VIII', an Ríocht Aontaithe) atá faoi rialú Cinven Limited ('Cinven', an Ríocht Aontaithe),

— Idealista Global, S.A. ('Idealista', an Spáinn), atá faoi rialú EQT Fund Management S.à r.l. ('EFMS', Lucsamburg), atá faoi úinéireacht iomlán agus faoi rialú indíreach EQT AB ('EQT', an tSualainn);

Gheobhaidh Cinven rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Idealista ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Cinven a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta infheistíochta a sholáthar do roinnt cistí infheistíochta. Tá na gnólachtaí i bpunann infheistíochtaí Cinven gníomhach i réimse leathan fo-earnálacha, go príomha seirbhísí gnó, seirbhísí tomhaltóirí, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, seirbhísí tionscail, agus teicneolaíocht, na meáin agus teileachumarsáid.

— Riarann Idealista do ghníomhairí réadmhaoine, d'úsáideoirí, agus d'oibreoirí margaidh réadmhaoine eile i nDeisceart na hEorpa (an Iodáil, an Phortaingéil agus an Spáinn) trína n-ardán mionfhógraí ar líne le haghaidh díoltóirí atá ag tairiscint réadmhaoine lena díol nó lena ligean ar cíos, agus le haghaidh ceannaitheoirí ag iarraidh réadmhaoin a cheannach nó a fháil ar cíos. Soláthraíonn Idealista seirbhísí coimhdeacha eile don earnáil réadmhaoine.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11654 – CINVEN / IDEALISTA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË